**RABHADH**
**CAITHFEAR an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh do Scrúduimhir anseo:** ☞

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2017

# Gnó – Gnáthleibhéal

**(400 marc)**

**DÉARDAOIN 15 MEITHEAMH 2017 – MAIDIN 9:30 – 12:00**

**FREAGAIR**

**(A)** **Deich** gceist as **ROINN 1**

**AGUS**

**(B)** **Ceithre** cheist as **ROINN 2 mar seo a leanas:**

Ceist **amháin** as **Cuid 1** agus
**Dhá** cheist as **Cuid 2** agus
Ceist **amháin** eile as **Cuid 1** nó **Cuid 2**.

**Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.**

| Ceist. | Marc |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |
| 12 | |
| 13 | |
| 14 | |
| 15 | |
| Iomlán | |

**Ceadaítear áireamháin a úsáid.**
**Déanamh agus Múnla an Áireamháin a Úsáideadh:**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS I dTEANNTA AN FHREAGARLEABHAIR A ÚSÁIDTEAR CHUN CUID 2 A FHREAGAIRT**

# ROINN 1

**(100 marc)**

## CEISTEANNA GEARRFHREAGRA

**Freagair 10 gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist. Cuir an ceistpháipéar seo ar ais in éineacht le do fhreagarleabhar, le do thoil.**

**1.** Cad dó a seasann na litreacha seo a leanas? (Tá na litreacha Béarla tugtha idir lúibíní.)
Scríobh gach freagra sa spás cuí.

| | |
|---|---|
| MSU (*USC*) | |
| POF (*CEO*) | |
| LLDB (*SWOT*) | |


**2.** Déan liosta de **thrí** mhír de chonradh bailí.

(i) ____________________

(ii) ____________________

(iii) ____________________

**3.** (i) Sainaithin na modhanna cumarsáide a mbaintear úsáid astu chun an t-eolas in (A) agus (B) a chur in iúl, **agus** (ii) freagair an cheist a baineann le **gach** modh cumarsáide ar leith díobh.




(i) A = ____________________

(ii) Sainaithin ó na sonraí cén miondíoltóir éadaí ar líne is mó ráchairt i measc an tsampla de na mic léinn in **2015**.

____________________

____________________

____________________

**(B)**

Chuig: An Fhoireann go léir
Ó: An Bainisteoir Díolacháin
Dáta: 15 Iúil 2016
Maidir le: Scéim an Choimisiúin
Ardófar an coimisiún go dtí 8% de na díolacháin i mí Lúnasa.
Síniú: *Michael Barron*
Michael Barron
Bainisteoir Díolacháin

(i) B = ____________________

(ii) Sainaithin ó na sonraí seoltóir agus glacadóir an eolais seo.
Seoltóir = ____________________

Glacadóir = ____________________

**4.** Ainmnigh na **trí** mhír eile den Chumasc Margaíochta.

| | | | |
|---|---|---|---|
| | PRAGHAS | | |

**5.** Mínigh úsáid **amháin** a bhaintear as **gach ceann** de na bogearraí ríomhaireachta seo a leanas i ngnólacht.

| | |
|---|---|
| (i) Microsoft Word | ______________________________<br>______________________________<br>______________________________ |
| (ii) Microsoft Excel | ______________________________<br>______________________________<br>______________________________ |

**6.** Tá Bianna Sláintiúla Teo. ag scrúdú an bhrabúis a rinne an gnólacht**.** Ón eolas thíos, ríomh céatadán an Bhrabúis Chomhláin agus céatadán an Ghlanbhrabúis do 2016.
**Taispeáin do chuid oibre ar fad sna spásanna atá ann chuige sin.**

| **2016** | |
|---|---|
| **Díolacháin** | **€220,000** |
| **Brabús Comhlán** | **€99,000** |
| **Glanbhrabús** | **€55,000** |

| **Céatadán an Bhrabúis Chomhláin** | **Céatadán an Ghlanbhrabúis** |
|---|---|
| (i) ______________________ | (ii) ____________________ |
| **Do chuid oibre:**<br><br>__________ x $\frac{\mathbf{100}}{\mathbf{1}}$ = | **Do chuid oibre:**<br><br>__________ x $\frac{\mathbf{100}}{\mathbf{1}}$ = |

**7.** Roghnaigh na focail chuí chun an abairt thíos a chríochnú. (Tá dhá fhocal ann nach mbeidh in úsáid.)

**SOLÁTHRAITHE** **FOSTAITHE** **SMAOINTE** **TUARASTAIL**

Baineann **infhiontraíocht** le _________________ i ngnólacht a bheith ag cur

____________________ nua i láthair chun cuidiú le feabhsú an ghnólachta.

**8.** Déan liosta de **thrí** fhoras ar a bhfuil an leithcheal (idirdhealú) toirmiscthe faoin Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998.

(i) ______________________________________________________________

(ii) ______________________________________________________________

(iii) ______________________________________________________________

**9.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste do ghnólacht a bhaineann le **rialú cáilíochta**.

(i) ________________________________________________________________

________________________________________________________________

(ii) ________________________________________________________________

________________________________________________________________

**10.** Léirigh le tic (✓) sa bhosca ceart, an modh leathnaithe lena mbaineann gach ráiteas thíos:

| **Ráiteas** | **Cumasc** | **Táthcheangal** | **Saincheadúnas** | **Comhghuaillíocht Straitéiseach** |
|---|---|---|---|---|
| Ceannaíonn Apple Beats by Dr Dre ar $3bn. | | | | |
| Chuaigh Bianna Abhainn Mhór cpt agus Bianna Phort Láirge cpt i bpáirt chun Glanbia cpt a chruthú. | | | | |
| D'fhógair an miondíoltóir grósaeireachta Éireannach SuperValu comhpháirtíocht nua le Banc na hÉireann mar chuid dá chlár dílseachta 'Fíorchúiteamh'. | | | | |
| Tá Zip Yard tar éis leathnú mar go bhfuil cead tugtha acu do pháirtithe eile úsáid a bhaint as a múnla gnó agus as a dtrádmharc ach táille agus sciar den bhrabús a fháil mar chúiteamh. | | | | |

**11.** Cuir in iúl cén téarma díobh seo thíos a thagraíonn do bhaill cheardchumainn a bheith ag vótáil ar ghníomhaíocht thionsclaíoch.
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Picéadú ☐

Ballóid Rúnda ☐

Oibriú de réir rialach ☐

**12.** Ainmnigh **dhá** institiúid de chuid an **Aontais Eorpaigh**.

(i) ________________________________________________________________

(ii) ________________________________________________________________

**13.** (i) Mínigh an téarma **Iompórtálacha sofheicthe**.

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

(ii) Mínigh an téarma **Easpórtálacha Dofheicthe**.

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

**14.** Scríobh **FÍOR** nó **BRÉAGACH** i ndiaidh gach ráitis díobh seo a leanas.

| | |
|---|---|
| Is éard is ualú ann ná laghdú ar tháille na bunphréimhe árachais mar gur lú an seans níos lú go mbeidh éileamh á dhéanamh ag an gcustaiméir atá ag fáil árachais. | |
| Is éard is Cáin Chorparáide ann ná cáin ar an mbrabús a dhéanann cuideachta. | |
| Is éard is rátaí tráchtála ann ná cáin a íocann gnólachtaí leis an gcomhairle áitiúil. | |
| Prionsabal árachais is ea slánaíocht a shonraíonn nach mór duit gach eolas ábhartha a nochtadh nuair a bhíonn tú ag déanamh iarratais i gcomhair árachais. | |
| Prionsabal cánachais is ea meon lánmhaith. | |

**15.** Is liosta de pháirtithe leasmhara i ngnólachtaí atá i gColún 1. Is liosta de mhíniúcháin ar na páirtithe sin atá i gColún 2. **Tá míniúchán amháin ann nach féidir a mheaitseáil le haon téarma díobh**.

Déan an dá liosta a mheaitseáil. Cuir an litir a bhaineann leis an míniúchán ceart faoin uimhir chuí thíos.

| 1. | 2. | 3. | 4. | 5. |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

| Téarmaí Gnó | Míniúcháin | |
|---|---|---|
| **1.** Rialtas | **A.** | Bíonn an smaoineamh agus an tionscnaíocht aige/aici chun glacadh leis an riosca a bhaineann le gnólacht a bhunú. |
| **2.** Tomhaltóir | **B.** | Glacann sé/sí páirt sna gníomhaíochtaí a bhaineann le pleanáil, eagrú agus rialú an ghnólachta ó lá go lá agus faigheann sé/sí tuarastal ina leith. |
| **3.** Infheisteoir | **C.** | Soláthraíonn sé/sí amhábhair a úsáidtear sa táirgeadh. |
| **4.** Bainisteoir | **D.** | Soláthraíonn sé/sí caipiteal agus é/í ag súil le sochar/brabús airgeadais. |
| **5.** Soláthraí | **E.** | Soláthraíonn sé/sí seirbhísí riachtanacha do shaoránaigh na tíre leis an airgead a bhailítear i gcánacha chun caiteachas poiblí a mhaoiniú. |
| | **F.** | Ceannaíonn sé/sí earraí agus seirbhísí lena n-úsáid é/í féin. |

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

# ROINN 2

**(300 marc)**

Freagair **ceithre** cheist as ROINN 2 mar seo a leanas:
Ceist **amháin** as **Cuid 1** agus
**Dhá** cheist as **Cuid 2 AGUS**
Ceist **amháin** eile as **Cuid 1** nó **Cuid 2**.

## CUID 1

| **DAOINE SA GHNÓ** |
|---|

### CEIST 1

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

An Tomhaltóir Glic (Eolach)




Is scoláire é Séamas atá ag déanamh Gnó don Ardteistiméireacht. Rinne sé cur i láthair don rang bunaithe ar Dhlí an Tomhaltais. Phléigh Séamas an tAcht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007 agus chuir sé in iúl don rang go bhfuil sé coiscthe de réir dlí maíomh atá bréagach nó míthreorach maidir le hearraí, seirbhísí agus praghsanna a dhéanamh. Chuir Séamas samplaí éagsúla d'fhógraíocht a bhí bréagach nó míthreorach i láthair chomh maith le samplaí de phraghsanna bréagacha. Spreag Séamas a chomhscoláirí chun cuairt a thabhairt ar an suíomh gréasáin www.consumerhelp.ie chun eolas tábhachtach do thomhaltóirí a fháil.

**(A)** Tabhair **samplaí** chun aon **dá cheann** de na forálacha seo a leanas as an Acht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007 a mhíniú:
- (i) "Coisctear fógraíocht atá bréagach nó míthreorach"
- (ii) "Coisctear praghsanna bréagacha"
- (iii) "Coisctear tuairiscí bréagacha ar tháirgí". (20 marc)

**(B)**

Chomh maith leis sin, tugtar cosaint do thomhaltóirí in Éirinn maidir le díol earraí, comhaontuith fruilcheannaigh agus conarthaí do sholáthar seirbhísí. www.consumerhelp.ie

Ainmnigh dlí tomhaltóirí, seachas an tAcht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007, a thugann cosaint do thomhaltóirí in Éirinn. (10 marc)

I mí Dheireadh Fómhair 2016, vótáil Cumann na Meánmhúinteoirí, ceardchumann a dhéanann ionadaíocht thar ceann meánmhúinteoirí dul i mbun gníomhaíocht thionsclaíoch a rachadh chomh fada le gníomhaíocht stailce agus an ghníomhaíocht sin san áireamh.




**(C)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** bhuntáiste a bhaineann le bheith mar bhall de cheardchumann. (20 marc)

**(D)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** iarmhairt a bhaineann le díospóid thionsclaíoch. (10 marc)

**(E)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fheidhm atá ag ionadaí ceardchumainn. (15 mharc)

**(75 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

## TIMPEALLACHT INTÍRE

### CEIST 2

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.



BEALACH FIÁIN AN ATLANTACH

Chuidigh tionscnaimh thurasóireachta mar "Bealach Fiáin an Atlantach", "Oirthear Ársa na hÉireann" agus "An Tóstal" le díolacháin ghnó a mhéadú in Éirinn. Chuir Bealach Fiáin an Atlantach le cáil na hÉireann mar lárionad turasóireachta. Tá pobail ar fud Iarthar na hÉireann tar éis méadú a fheiceáil ar líon na gcuairteoirí. Bhí cuideachtaí tógála áitiúla gnóthach mar gur bunaíodh gnólachtaí nua mar bhrúnna, bialanna agus caiféanna. Tá feirmeoirí agus iascairí tar éis ardú a fheiceáil ar an éileamh atá ar a gcuid amhábhar ó bhialanna, ó chaiféanna agus ó bheáir áitiúla.

**(A)** Ón eolas atá tugtha san alt thuas, ainmnigh an earnáil den gheilleagar ina bhfeidhmíonn an turasóireacht. Luaigh sampla **amháin** de ghnólacht i dtionscal na turasóireachta. (10 marc)

**(B)** Mínigh an **dá** earnáil eile den gheilleagar **agus** tabhair sampla **amháin** de ghnólacht i ngach earnáil díobh ón eolas atá sa téacs thuas. (20 marc)

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** bhuntáiste a bhaineann pobal áitiúil as bunú gnólachta nua i gceantar. (20 marc)

D'fhógair an tAire Airgeadais sa cháinaisnéis do 2017 go bhfanfadh an ráta CBL 9% i gcomhair gnólachtaí in earnáil na turasóireachta mar a bhí. Laghdaíodh an ráta CBL in 2011 ó 13.5%.

**(D)** (i) Cad dó a seasann na litreacha CBL?
(ii) Mínigh **dhá** cháin, seachas CBL agus MSU, a bhailíonn an rialtas. (15 mharc)

**(E)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí a dtéann an ráta CBL níos ísle i bhfeidhm ar ghnólachtaí a bhfuil baint acu leis an turasóireacht in Éirinn. (10 marc)

**(75 marc)**

## TIMPEALLACHT IDIRNÁISIÚNTA

### CEIST 3

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

I mí an Mheithimh 2016, vótáil an Ríocht Aontaithe go bhfágfadh sí an tAontas Eorpach (AE). Tugadh 'Brexit' air seo go forleathan. Déantar breis agus luach €1.2 billiún d'earraí agus de sheirbhísí a thrádáil idir an Ríocht Aontaithe agus Éire gach seachtain. D'fhéadfaí bacainní trádála mar tharaifí a bheith ann mar thoradh ar Brexit.

**(A)** Ainmnigh **trí** bhallstát**,** seachas Éire agus an Ríocht Aontaithe, atá san AE. (10 marc)

**(B)** (i) Mínigh an téarma **taraif**.
(ii) Ainmnigh **dhá** bhacainn trádála eile. (15 mharc)

**(C)** (i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste d'Éirinn a bhaineann Éire le ballraíocht san AE.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar mhíbhuntáiste **amháin** d'Éirinn a bhaineann le ballraíocht san AE. (20 marc)

**(D)** (i) Mínigh an téarma **Gnólacht Domhanda**.
(ii) Ainmnigh **dhá** Ghnólacht Dhomhanda. (20 marc)

**(E)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** dhúshlán do ghnólachtaí Éireannacha atá ag feidhmiú i margaí idirnáisiúnta. (10 marc)

**(75 marc)**

# CUID 2

## FIONTRAÍOCHT / BAINISTÍOCHT

### CEIST 4

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.



**Turais Spóirt na hÉireann Teo.**

Bhí Pól Mac Cárthaigh ar dhuine de lucht leanúna fhoireann Sacair agus fhoireann Rugbaí na hÉireann. Chonaic sé go raibh deis sa mhargadh chun seirbhís a sholáthar ag eagrú taistil, lóistín agus ticéad chuig cluichí do lucht leanúna a bheadh ag taisteal chuig cluichí spóirt thar lear. D'éirigh sé as a phost agus bhunaigh sé a ghnólacht féin faoin ainm Turais Spóirt na hÉireann Teo. D'fhostaigh sé foireann bheag agus rinne sé freagracht a tharmligean chuig gach ball den fhoireann. Bhí éileamh mór ar thurais chuig Corn an Domhain sa Rugbaí agus chuig Craobhchomórtais Sacair na hEorpa. Tá sé beartaithe ag Pól a bheith ina cheannaire margaidh don taisteal spóirt in Éirinn faoin mbliain 2025.

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** thréith/scil fiontraíochta atá léirithe ag Pól.
(Bíodh tagairt agat don téacs i do fhreagra.) (15 mharc)

**(B)** Ainmnigh agus mínigh cineál **amháin** plean a fhorbraíonn an bhainistíocht i ngnólacht. (10 marc)

**(C)** (i) Mínigh an téarma **tarmligean**.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le tarmligean. (15 mharc)

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

Tá sé i gceist ag Turais Spóirt na hÉireann Teo. Cruinniú Ginearálta Bliantúil (CGB) a reáchtáil in Óstán G, Co. na Gaillimhe. Cuirfear tús leis an gcruinniú ag 2 p.m ar 30 Meán Fómhair 2017. Tá rúnaí na cuideachta, Emma de Buitléir, freagrach as fógra, clár agus miontuairiscí an chruinnithe sin a ullmhú.

**(D)** Mínigh na téarmaí seo a leanas:
(i) **clár oibre** cruinnithe
(ii) **miontuairiscí** cruinnithe. (15 mharc)

**(E)** Dréachtaigh an Fógra **agus** an Clár Oibre le haghaidh an CGB Thurais Spóirt na hÉireann Teo.
Ní mór go mbeadh **cúig** mhír ar a laghad ar an gclár. (20 marc)

**(75 marc)**

## CEIST 5

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

**Bialann Nuevo Teo.**

Is bialann an-rathúil é Bialann Nuevo Teo. atá suite i gCo. Chill Mhantáin. Tá foireann lánaimseartha agus pháirtaimseartha fostaithe ann. Bunaithe ar a gCuntas Trádála, Brabúis agus Caillteanais, agus ar a gClár Comhardaithe ag deireadh na bliana 2016, tá sé socraithe ag na húinéirí an gnólacht a leathnú. Tá airgead ar fáil i gcuntas reatha na cuideachta. Mar sin féin, beidh foinse mheántéarmach airgeadais de dhíth ar an ngnólacht i gcomhair trealamh cistine nua. Tá réamhaisnéis sreafa airgid curtha i gcrích ag úinéirí na bialainne.

| Réamhaisnéis Sreafa Airgid Bhialann Nuevo Teo. do na chéad trí mhí de 2017 | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **2017** | **Eanáir €** | **Feabhra €** | **Márta €** | **Iomlán €** |
| Iomlán na bhFáltas (A) | 23,000 | 30,000 | 24,000 | 77,000 |
| Iomlán na nÍocaíochtaí (B) | 31,000 | 25,000 | 22,000 | 78,000 |
| Airgead Glan (A-B) | -8,000 | 5,000 | 2,000 | -1,000 |
| Airgead Tosaigh | 7,000 | -1,000 | 4,000 | 7,000 |
| Airgead Deiridh | -1,000 | 4,000 | 6,000 | 6,000 |

**(A)** Ainmnigh mír **amháin** a d'fhéadfadh Bialann Nuevo Teo. a áireamh faoi gach ceann díobh seo a leanas:
(i) Rannóg na bhfáltas
(ii) Rannóg na n-íocaíochtaí. (10 marc)

**(B)** (i) An bhfuil staid sreafa airgid Bhialann Nuevo Teo. níos fearr i mí Eanáir nó i mí an Mhárta?
(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a d'fhéadfadh a bheith le do fhreagra. (20 marc)

**(C)** (i) Ainmnigh foinse mheántéarmach oiriúnach airgeadais a d'fhéadfadh Bialann Nuevo Teo. a úsáid don trealamh nua cistine.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann leis an bhfoinse airgid a roghnaigh tú. (20 marc)

**(D)** Mínigh an téarma **cuntas reatha**. (10 marc)

**(E)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** chineál árachais ar chóir do Bhialann Nuevo Teo. iad a bheith aici. (15 mharc)

**(75 marc)**

## CEIST 6

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

Bhí smaoineamh ag Máire de Paor maidir le haip a chuideodh le scoláirí spriocanna staidéir a shocrú, a rianódh a ndul chun cinn ina gcuid staidéir agus a chuirfeadh ar a gcumas meabhrúcháin i dtaobh spriocanna seachtainiúla don staidéar a shocrú, etc. Chuaigh sí i dteagmháil leis an Oifig Fiontair Áitiúil agus thug siadsan comhairle di maidir le Forbairt Fréamhshamhla, Staidéar Indéantachta, Margaíocht Tástála agus an Seoladh.

**(A)** Mínigh **trí cinn ar bith** de na ceithre théarma a bhfuil líne fúthu sa téacs thuas. (20 marc)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** bhealach a dtagann fiontraithe ar smaointe do tháirgí/sheirbhísí nua. (15 mharc)

**(C)** Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

Bhí an-rath ar ghnólacht Mháire. Tá an aip ina ceannaire margaidh i measc scoláirí dara leibhéal in Éirinn agus ní mór do Mháire foireann a fhostú chun déileáil leis an éileamh atá ag fás. Is gá do Mháire Sainchuntas Poist a ullmhú don phost nua a chruthófar mar Bhainisteoir Díolachán. Tairgfidh Máire scéim de luachanna saothair airgeadais atá tarraingteach chun an fhoireann a bheidh aici a spreagadh.

(i) Mínigh an téarma **Sainchuntas Poist.**

(ii) Dréachtaigh an Sainchuntas Poist a d'ullmhaigh Máire don phost nua mar Bhainisteoir Díolachán. (20 marc)

**(D)** Maidir leis an bpróiseas earcaíochta agus roghnúcháin, mínigh an téarma **gearrliostú**. (10 marc)

**(E)** Mínigh **dhá** luach saothair airgeadais a thairgeann gnólachtaí chun an fhoireann a spreagadh. (10 marc)

**(75 marc)**

**CEIST 7**

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

## Scothgheansaithe Árann



Thosaigh Mairéad ag cniotáil agus ag díol geansaithe Árann go háitiúil nuair a bhí sí fós sa mheánscoil. Rinne sí staidéar ar theicneolaíocht teicstílí agus í ar an Ollscoil i Sasana. Bhí sé mar fhís ag Mairéad teach faisin mór le rá de chuid na hÉireann a bhunú agus chuaigh sí ar aghaidh agus bhunaigh sí a branda féin "Scothgheansaithe Árann". Cuireann gnólacht Scothgheansaithe Árann "táirgí cniotáilte olla ar fáil atá cluthar agus faiseanta". Le bliain anuas, tógadh fótagraif de dhaoine cáiliúla agus geansaithe olla de chuid Scothgheansaithe Árann á gcaitheamh acu. Tháinig méadú mór ar dhíolacháin ar líne mar thoradh air sin. Bhí páirt mhór ag na Meáin Shóisialta i dtaca le rath an bhranda de agus bhí an haischlib "#ScothgheansaitheÁrann" ag treochtáil ar líne nuair a tugadh daoine cáiliúla faoi deara agus iad ag caitheamh gheansaithe an bhranda. Tá táirge Mhairéad ag céim an fháis de shaolré táirge.

**(A)** Mínigh an téarma **brandáil** agus tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste **amháin** a bhaineann le táirge a bhrandáil. (10 marc)

**(B)** (i) Mínigh an téarma **Saolré táirge**.
(ii) Dréachtaigh agus an lipéadaigh Léaráid de Shaolré táirge. (20 marc)

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste **amháin** a bhaineann le díol ar líne
(i) don Ghnólacht, (ii) don Tomhaltóir. (20 marc)

**(D)** Tabhair breac-chuntas ar an **dá** chineál taighde margaíochta agus tabhair sampla **amháin** de **gach** cineál díobh. (15 mharc)

**(E)** Seachas díolachán ar líne, tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhealach a mbíonn tionchar ag forbairtí in TFC (Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide) ar ghnólacht. (10 marc)

**(75 marc)**

**Tá CHEIST 8 ar an gcéad leathanach eile**

**GNÓ I nGNÍOMH**

**CEIST 8**

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

**Caife Búitíc Billy agus Bobby**



Thuig Billy agus Bobby an tóir atá ar chaife in Éirinn. Chinn siad branda Éireannach a fhorbairt a róstann agus a dháileann sainchaife do mhargadh nideoige. Bhunaigh siad Caife Billy agus Bobby mar chomhpháirtíocht. Soláthraíonn feirmeoirí ar fud an domhain a bpónairí caife ardchaighdeáin agus ansin déantar iad a róstadh/a tháirgeadh i mbaisceanna san "ionad rósta" atá acu in Éirinn. Tá na costais ard ach creideann na comhpháirtithe go bhfuil tomhaltóirí sásta praghas ard a íoc ar chaife ardchaighdeáin. Faoi láthair, díoltar Caife Búitíc Billy agus Bobby i mbreis agus 100 caifé ar fud na tíre, ag margaí, ag féilte agus ar líne dhíreach lena gcuid tomhaltóirí.

**(A)** (i) Sainaithin an líon úinéirí is féidir a bheith ag comhpháirtíocht.
(ii) Mínigh an téarma **dliteanas neamhtheoranta**. (15 mharc)

**(B)** Úsáideann Caife Búitíc Billy agus Bobby próiseas baisctháirgthe.
(i) Déan liosta de **dhá** mhodh táirgthe eile.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** ghné de cheann **amháin** ar bith de na modhanna táirgthe sin. (20 marc)

**(C)** Mínigh **dhá** thairbhe a bhaineann le do ghnó féin a bhunú. (15 mharc)

**(D)** Léirigh, agus tú ag úsáid léaráide, bealach dáileacháin **amháin** a úsáideann Caife Búitíc Billy agus Bobby. (10 marc)

**(E)** Déan cur síos ar **dhá** thionscnamh díolachán a d'fhéadfadh Caife Búitíc Billy agus Bobby a thairiscint do thomhaltóirí chun díolacháin a mhéadú. (15 mharc)

**(75 marc)**